2024/2256

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2256 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an 'Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 03/2023 ón gCúirt Iniúchóirí;

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0120/2024),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 24 827 843 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022, arb ionann é agus méadú de 5,25 % i gcomparáid le 2021, de bhrí go ndéantar buiséad na Gníomhaireachta a chistiú ó dhá fhoinse ioncaim den chuid is mó, eadhon táillí bailithe agus an ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), ina tuarascáil ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuair an Chúirt dearbhú réasúnach go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gurb é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2022 ná go ndearnadh ráta leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana reatha 99,26 % a chur chun feidhme ar an mbuiséad, arb ionann é agus méadú 5,20 % i gcomparáid le 2021; ag tabhairt dá haire gurbh é an ráta forghníomhaithe don bhliain reatha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 70,12 % (rud a fhágann nár baineadh amach sprioc bheartaithe na Gníomhaireachta de 75 %), arb ionann é agus méadú 4,16 % i gcomparáid le 2021;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh ráta ard ag an nGníomhaireacht maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thabhairt anonn ar feadh roinnt blianta as a chéile, EUR 7,2 milliún in 2022 (29,4 %), ar mhéadú beag é i gcomparáid le 2021 (29,9 %); á mheabhrú gur iarr an t-údarás um urscaoileadh ar an nGníomhaireacht an fhadhb a réiteach; ag tabhairt dá haire gur bhain EUR 5,5 milliún (nó 66,2 %) de leithreasuithe faoi Theideal III le caiteachas oibríochtúil, arbh iad príomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (66,4 % in 2021); á áitiú gur féidir go léireofaí le rátaí arda maidir le tabhairt anonn, a bhíonn ann arís agus arís eile, go bhfuil fadhb struchtúrtha, pleanáil lag bhuiséadach, nó b'fhéidir sárú ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta i gceist; ag tabhairt dá haire, ós rud é gur thug an Ghníomhaireacht seisiúin feasachta ráithiúla isteach dá bainisteoirí líne buiséid a reáchtáiltear roimh gach athbhreithniú buiséid arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar phleanáil an bhuiséid agus ar chur chun feidhme tráthúil an bhuiséid agus an phlean soláthair araon i gcomhréir le prionsabal na bliantúlachta;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire, mar a tharla i mblianta roimhe seo, go ndearna lucht bainistíochta na Gníomhaireachta faireachán ar bhaint amach chuspóirí an chláir oibre trí eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) na Gníomhaireachta agus úsáid á baint as córas 'solais tráchta' na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire freisin, de réir na Gníomhaireachta, go bhfanann an chuid is mó de an KPInna mar an gcéanna ó bhliain go bliain chun comhsheasmhacht a áirithiú i gcomparáidí, ach go socraítear na spriocanna atá le baint amach sa bhliain i dtrácht ar bhonn bliantúil; á mholadh, áfach, go dtabharfadh an Ghníomhaireacht aghaidh ar na táscairí nár baineadh amach go fóill nó atá ag titim chun deiridh agus go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht eochairtháscairí feidhmíochta a mhíneodh ar bhonn rialta chun a feidhmíocht a bharrfheabhsú;

([1]) IO C 38, 31.1.2023, lch. 87.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).

4. ag tabhairt faoi deara gur baineadh amach 82 % den chlár oibre nó gur baineadh amach é le fadhb bheag, agus nár baineadh amach 18 % nó gur laghdaíodh tosaíocht na gcúraimí gaolmhara nó gur cuireadh siar iad mar gheall ar an teorannú ar na hacmhainní daonna a bhí ar fáil; á mholadh go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht athmheasúnú ar indéantacht an chláir oibre i ndáil leis na hacmhainní daonna atá ar fáil, ós rud é gur léir gur gné mhíniúcháin é teorannú na n-acmhainní daonna i gcur chun feidhme an chláir oibre sna blianta roimhe sin freisin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur comhlíonadh spriocanna KPI, cé is moite den ráta leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta, a bhain 70,1 % (sprioc 75 %) amach in 2022 i gcomparáid le 65,9 % in 2021;

5. á aithint gur iarradh le hionradh na Rúise ar an Úcráin go ndéanfaí gníomhaíochtaí beartais urghnácha chun slándáil an tsoláthair fuinnimh a chaomhnú agus chun tomhaltóirí a chosaint, rud a mhéadaigh freagrachtaí na Gníomhaireachta agus a rinne difear d'obair na Gníomhaireachta ar bhealaí éagsúla; ag tabhairt dá haire sa chomhthéacs sin gur sannadh roinnt cúraimí cuimsitheacha breise ar an nGníomhaireacht i rith na bliana (e.g. foilsiú an Mheasúnaithe deiridh ar mhargadh leictreachais mórdhíola an Aontais, foilsiú mheasúnú nó thagarmharc an phraghais gáis nádúrtha leachtaithe agus cur i bhfeidhm an tsásra ceartaithe margaidh); á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta na cúraimí breise sin a chomhlíonadh agus an tacaíocht bhreise a thugtar do luchtanna ceaptha beartais sa timpeallacht ardphraghais fuinnimh;

6. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt barúil i dTuarascáil Speisialta 03/2023 uaithi maidir leis an margadh inmheánach leictreachais ina dtagraítear do laigí i gcreat faireacháin agus tuairiscithe na Gníomhaireachta; á mheabhrú, cé gur luadh go comhsheasmhach i gcláir oibre bhliantúla na Gníomhaireachta gur cúram criticiúil é an faireachán, nach bhfuil na cláir oibre sainráite go leordhóthanach chun soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an faireachán agus an tuairisciú beartaithe, in ainneoin oibleagáid na Gníomhaireachta na haschuir uile a bhfuiltear ag súil leo a chur i láthair; á thabhairt chun suntais go bhféadfaí, dá bharr sin, an bonn a bhaint ó chuntasacht na Gníomhaireachta agus go bhféadfaí cur isteach freisin ar thuiscint na ngeallsealbhóirí ar riachtanais sonraí na Gníomhaireachta agus ar a rannpháirtíocht san fhaireachán ar an gcur chun feidhme;

Éifeachtúlacht agus gnóthachain

7. ag tabhairt faoi deara go ndéanann an Ghníomhaireacht a feidhmeanna tacaíochta agus a próisis riaracháin a athmheasúnú, a bharrfheabhsú agus a chuíchóiriú go rialta ar bhealaí éagsúla: comhroinnt eolais agus tabhairt isteach dea-chleachtas ó ghníomhaireachtaí eile, próisis áirithe a athbhreithniú, a dhoiciméadú agus a uathoibriú agus feidhmeanna tacaíochta áirithe a lárú;

8. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht anailís ar ghníomhaíocht maidir leis an ualach oibre le tacaíocht ó chuideachta chomhairliúcháin sheachtrach chun measúnú a dhéanamh ar a staid reatha maidir le dáileadh cúraimí/gníomhaíochtaí agus chun bearnaí agus fadhbanna eagraíochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, chomh maith le spás do shineirgí agus do réimsí feabhsaithe rialaithe agus leithdháilte cúraimí; ag tabhairt dá haire go raibh plean gníomhaíochta mar thoradh air sin ar a ndéantar faireachán le linn cruinnithe bainistíochta sinsearaí agus le linn seisiúin thiomnaithe chun na críche sin;

9. á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaineann an Ghníomhaireacht as roinnt uirlisí TF le haghaidh próisis soláthair (tairseach r-Aighneachta, tairseach r-Tairisceana, r-Fhógraí agus r-shonrascadh le haghaidh sonraisc faoi chonarthaí DIGIT); ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Ghníomhaireacht Sysper, ARES (lena n-áirítear Ríomhshíniú Cáilithe) agus MiPS freisin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a próisis inmheánacha a fhorbairt tuilleadh trí úsáid a bhaint as an digitiú, go háirithe nuair a ghintear éifeachtúlacht agus coigilteas i gcostais oibriúcháin leis;

10. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digitiú na gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digitiú nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun go seachnófar aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear, ag áitiú ar an ngá go gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht i gcoinne cibirionsaithe nó iarrachtaí insíothlaithe a thagann go háirithe ón Rúis nó ón tSín;

Beartas foirne

11. ag tabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 97,40 % ar an 31 Nollaig 2022, agus go raibh ceapacháin déanta i gcás 74 ghníomhaire shealadacha as 76 ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 71 bpost údaraithe in 2021); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 38 ngníomhaire ar conradh, seachtar saineolaithe náisiúnta ar iasacht, 19 mball foirne eatramhach agus beirt sainchomhairleoirí ag obair don Ghníomhaireacht in 2022; ag athdhearbhú na moltaí ón gCúirt maidir le cúraimí buana agus leanúnacha a shannadh ar bhaill foirne atá fostaithe go díreach;

12. ag tabhairt dá haire, ós rud é go bhfuil conarthaí fadtéarmacha ag comhaltaí bainistíochta sinsearaí na Gníomhaireachta (seachas conradh an Stiúrthóra, nach bhfuil roghnaithe ag an nGníomhaireacht agus a bhfuil sainordú téarma seasta ann don ról), nach bhfuil an Ghníomhaireacht in ann cothromaíocht inscne a lucht bainistíochta sinsearaí atá ann cheana a athrú sa ghearrthéarma; ag tabhairt dá haire go bhfuil deichniúr ban (53 %) agus naonúr fear (47 %) ar bhord riaracháin na Gníomhaireachta; á athdhearbhú gur oth léi go bhfuil gannionadaíocht na mban fós ann i measc a foirne ar an iomlán, 40 bean (35 %) go 73 fhear (65 %), (37 % agus 63 % in 2021); á mheabhrú a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht inscne ar leibhéal na foirne a áirithiú agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht an ghné sin a chur san áireamh maidir le hearcú foirne agus ceapacháin a bheidh ann amach anseo laistigh dá bhainistíocht shinsearach; á chur in iúl gur eol di gur fhormhuinigh an Ghníomhaireacht an chairt um éagsúlacht agus cuimsiú, agus gur dhearbhaigh sí a tiomantas maidir lena beartas agus iarrachtaí a fheabhsú maidir le comhionannas inscne, éagsúlacht agus cuimsiú; á athdhearbhú go láidir go ndéanfaí iarrachtaí comhbheartaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghannionadaíocht na mban agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le spriocanna inchainníochtaithe chun é a bhaint amach laistigh den Ghníomhaireacht;

13. á thabhairt dá haire go bhfuil beartas ag an nGníomhaireacht maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc, agus gur cuid de tascfhórsa idirghníomhaireachta comhairleoirí rúnda í an Ghníomhaireacht; ag tnúth lena dtuarascáil agus a moltaí a fháil; ag tabhairt dá haire nach raibh aon chásanna ciaptha tuairiscithe ann in 2022 agus ag spreagadh na Gníomhaireachta leanúint den obair agus í a fhorbairt chun cásanna a chosc amach anseo freisin;

14. ag spreagadh na gníomhaireachta dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach um acmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, foghlaim agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas;

Soláthar

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil laigí soláthair a shainaithin an Chúirt roimhe seo réitithe go páirteach ag an nGníomhaireacht, go háirithe maidir lena horduithe ítimí nach bhfuil ar an liosta praghsanna a raibh tuairim cháilithe mar thoradh orthu; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sraith iomlán treoirlínte i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht dá bainisteoirí tionscadail, lena n-áirítear teimpléid agus treoir mhionsonraithe do na sreafaí oibre atá i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais an rialacháin airgeadais sa soláthar poiblí; ag tabhairt dá haire go gcoinneofar barúil na Cúirte ar oscailt go dtí go rachaidh na creatchonarthaí, atá mar bhunús léi, in éag;

16. ag tabhairt dá haire gur tugadh 246 nós imeachta soláthair de chineálacha éagsúla i gcrích ar an iomlán in 2022, i gcomparáid le 200 in 2021; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé, i ndáil leis na nósanna imeachta soláthair uile, iomaíocht chóir idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr chun úsáid éifeachtúil den bhuiséad atá ar fáil a áirithiú, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt barúil go bhfuil laigí sa soláthar poiblí ag dul i méid agus gurb iad an fhoinse íocaíochtaí neamhrialta is mó iad go fóill i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

17. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht dá beartas cuimsitheach a chur chun feidhme in 2022 maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear forálacha a bhaineann leis an bhfoireann, lena boird, lena meithleacha agus lena tascfhórsaí; ag tabhairt dá haire freisin gur ghlac an bord riaracháin treoirlínte níos déine i mí na Nollag 2022 maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú don bhord riaracháin agus don bhord achomhairc; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go gcomhlánaíonn na treoirlínte beartas foriomlán na Gníomhaireachta atá ann cheana maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, ar beartas é a bunaíodh in 2015 lena dtugtar tuiscint bhreise do chomhaltaí an bhoird riaracháin agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu de réir bheartas na Gníomhaireachta maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus go gcuireann siad treoirlínte breise ar fáil freisin don phainéal athbhreithnithe maidir le measúnú a dhéanamh ar imthosca a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh orthu;

18. ag tabhairt faoi deara gur léiríodh cás amháin coinbhleachta leasa a bhain le ball foirne in 2022; ag tabhairt dá haire gur réitigh ceann na roinne an t-ábhar trína chinneadh nár cheart go mbeadh baint ag an mball foirne le cásanna áirithe a bhaineann lena iarfhostóir, ar cinneadh é a dhearbhaigh seirbhísí dlí na Gníomhaireachta, an comhfhreagraí eitice, an lucht acmhainní daonna agus a léirítear i nóta a ghabhann leis an gcomhad;

19. á chur in iúl gur oth léi, de réir Thuarascáil Speisialta Uimh. 03/2023 ón gCúirt maidir leis an margadh inmheánach leictreachais, go bhfuil suíomh gréasáin na Gníomhaireachta á reáchtáil ar bhealach neamhéifeachtach toisc nach bhfuil rochtain éasca ar dhoiciméid atá ríthábhachtach do gheallsealbhóirí agus don phobal i gcoitinne, nó nach bhfuil siad foilsithe ar chor ar bith; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach bhfuil an trédhearcacht is gá le haghaidh uirlis chumarsáide ag an suíomh gréasáin agus i gcásanna áirithe, nach gcomhlíonann sé na ceanglais rialála fiú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht trédhearcacht agus cuntasacht a cuid oibre a fheabhsú go práinneach trí rochtain phoiblí ar na doiciméid agus ar na sonraí atá ar a shuíomh gréasáin a éascú, trína áirithiú go bhfoilsítear a chinntí agus a shonraí go hiomlán agus go tráthúil i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, agus trí bheartas trédhearcachta atá sainithe go soiléir agus atá bunaithe ar dhea-chleachtais a thabhairt isteach;

20. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na barúlacha i dTuarascáil Speisialta Uimh. 03/2023 ón gCúirt maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais, ina léirítear go gcuireann struchtúr rialachais na Gníomhaireachta bac ar a héifeachtacht agus ar a neamhspleáchas; ag tabhairt dá haire, mar a thug an Chúirt chun suntais, nach mór do stiúrthóir na Gníomhaireachta formheas a fháil ón mBord Rialálaithe (BoR) le haghaidh príomh-aschuir rialála; ag tabhairt dá haire, d'ainneoin go bhfuil an Bord Rialálaithe comhdhéanta d'ionadaí amháin ó Údarás Rialála Náisiúnta (ÚRN) in aghaidh an Bhallstáit agus go bhfuil sé de chúram ar an mBord gníomhú ar mhaithe leis an Aontas Eorpach ina iomláine, agus ar mhaithe leis sin amháin, nach bhfuil aon choimirce reachtach i Rialachán na Gníomhaireachta chun a chinntiú nach mbeidh na hionadaithe páirteach i gcinntí an Bhoird Rialálaithe atá contrártha do chinntí sonracha na ÚRNanna nó do leasanna náisiúnta (i gcás ina ndéanann ÚRNanna iad a chosaint i gcomhréir lena stádas dlíthiúil); ag tabhairt dá haire freisin go mbraitheann saineolas seachtrach na Gníomhaireachta go mór ar rannpháirtíocht saineolaithe ó ÚRNanna sna meithleacha agus sna tascfhórsaí agus cé go bhféadfadh saineolaithe ó ÚRNanna a bheith faoi réir coinbhleachtaí leasa freisin nach gá dóibh aon dearbhú maidir le coinbhleachtaí leasa a shíniú; á iarraidh ar an gCoimisiún rialachas na Gníomhaireachta a mheas agus feabhsuithe air a mholadh trí fheabhas a chur ar a neamhspleáchas ar ÚRNanna agus ar leasanna náisiúnta, ar a cumhachtaí forfheidhmiúcháin, agus ar a huirlisí cóineasúcháin;

21. ag tabhairt faoi deara gur thug an Chúirt faoi deara freisin sa tuarascáil speisialta thuasluaite go raibh laigí ann i gcur chun feidhme rialacha inmheánacha na Gníomhaireachta maidir le bainistiú agus foilsiú na ndearbhuithe leasanna do chomhaltaí an bhoird rialálaithe agus an bhoird riaracháin; á thabhairt chun suntais, le tuilleadh trédhearcachta i bpróisis chinnteoireachta bhoird agus mheithleacha na Gníomhaireachta, go bhféadfaí cur leis an ngrinnscrúdú poiblí ar leasanna contrártha (e.g. miontuairiscí agus torthaí vótála a fhoilsiú);

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil cruinnithe na Gníomhaireachta le brústocairí cláraithe ar leibhéal chruinnithe an stiúrthóra agus go bhfoilsítear iad ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;

23. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé don Ghníomhaireacht níos mó infheictheachta a fhorbairt sna meáin, san idirlíon agus sna meáin shóisialta chun a cuid oibre a chur in iúl do na saoránaigh;

Rialú inmheánach

24. ag tabhairt dá haire, chun an córas rialaithe inmheánaigh a neartú, go ndearnadh athbhreithniú ar roinnt beartas inmheánach le linn 2022 lena n-áirítear Cinneadh 2022-14 ón Stiúrthóir an 13 Meán Fómhair 2022 lena mbunaítear clár na n-eisceachtaí agus na dteagmhas neamhchomhlíonta, lena leagtar síos an nós imeachta chun eisceachtaí a iarraidh agus teagmhais neamhchomhlíonta a thuairisciú; Cinneadh 2022-08 ón Stiúrthóir an 21 Meitheamh 2022 lena nglactar an beartas agus an nós imeachta chun feidhmeanna íogaire a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2019-06 ón Stiúrthóir an 2 Aibreán 2019 maidir le glacadh an Bheartais agus an nós imeachta maidir le feidhmeanna íogaire a bhainistiú; agus cinneadh ón mbord riaracháin lena leasaítear Cinneadh Uimh. 17/2022 ón mbord riaracháin an 13 Nollaig 2018 maidir le creat rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh;

25. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil bhliantúil na Cúirte, i mí na Nollag 2022, gur údaraigh oifigeach údarúcháin trí tharmligean, a raibh a chumhachtaí údaraithe teoranta do EUR 500 000, ordú íocaíochta EUR 714 720; á thabhairt chun suntais go dtugann sé sin le tuiscint go bhfuil laige i rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann le tarmligean na gcumhachtaí chun íocaíochtaí a údarú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar teorainneacha in aghaidh an ordaithe íocaíochta;

Barúlacha eile

26. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thosaigh an Ghníomhaireacht ar phlean tástála treáite a chur chun feidhme in 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmchláir uile atá ann cheana, agus na feidhmchláir nuathógtha, atá neamhchosanta ar an idirlíon d'fhonn tástáil rialta treáite a bheith ann uair amháin gach 3 bliana ar a laghad;

27. á chur in iúl gur geal léi gur shínigh an Ghníomhaireacht an creatchonradh idirinstitiúideach in 2022 maidir le seirbhísí comhairliúcháin chun córas bainistíochta comhshaoil (EMAS) a chur chun feidhme agus a chlárú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur lean an Ghníomhaireacht de chur chun feidhme a Plean Gníomhaíochta um Ghlasú le haghaidh 2021-2022 agus gur fhéach sí ar an bhféidearthacht céimeanna breise a ghlacadh chun caighdeáin EMAS a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr in éineacht leis an tiarna talún mar gheall ar na teorainneacha agus na srianta a fhorchuirtear le sainiúlachtaí an áitribh ar cíos;

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 11 Aibreán 2024 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0280.